# Tuarascáil

## *'Scoileanna & Pobal Iorras Aithnigh*

## *Ag Tógail ar án nOidhreacht agus ag Cruthú an Todhchaí le Chéile'*

**Plé san Acadamh 7ú Feabhra, 2023**



*Scoil Naomh Ciaráin*



*Scoil Mhuighnis*



*Scoil na hAirde Móire*



*Scoil an Aird Thiar*



*Scoil Mhuire Carna*



*Scoil Phobal Mhic Dara Carna*



*Ionad Gaeltachta an Acadaimh – Carna*


BURREN COLLEGE OF ART

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

CES The Centre for Effective Services

Funded by the European Union

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

OECD
BETTER POLICIES FOR BETTER LIVES

# Clár


- Réamhrá 1
- Cúlra 2
- Achoimre 3


## Aguisíní


- I Na Focail ar mhaith leat a bheith sa gcomhrá. 8
- II Iorras Aithneach – cad ba chóir a thuiscint faoi? 9
- III Fís 2030 – cá bhfuil na síolta le feiceáil? 13
- IV Plé oscailte – téamaí éagsúla. 16
- V Na rudaí atá ag teacht chun solais (taréis am lóin) 20
- VI Na chéad céimeanna eile
- VII Na féidearthachtaí le tuilleadh cabhair & teachtaireachtaí don aire 26
- VIII Rannpháirtithe 29
- IX Léarscáil Iorras Aithnigh 30

## *Scoileanna & Pobal Iorras Aithnigh*

## *'Ag Tógail ar án nOidhreacht agus ag Cruthú an Todhchaí le Chéile'*



*Plé faoi lán seol*

### *Réamhrá*

Reachtáladh cruinniú de Chnuasach Scoileanna Iorras Aithnigh ar an 7 Feabhra 2023 in Ionad Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Carna chun todhchaí agus inbhuanaitheacht na scoileanna a phlé. Bhí ós cionn seasca rannpháirtí i láthair. Ina measc siúd bhí daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí ó Bhunscoileanna Iorras Aithneach – Scoil Mhuire, Carna; Scoil Naomh Ciarán, Cill Chiaráin; Scoil an Aird Thiar; Scoil na hAirde Móire; agus Scoil Mhuighinis – chomh maith le daltaí ó Scoil Phobail Mhic Dara, Carna agus ionadaithe/breathnadóirí ón Roinn Oideachais, Forbairt Chonamara Láir, Gaeloideachas, Comhar Naíonraí na Gaeltachta, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge(Ollscoil na Gaillimhe), Tuismitheoirí na Gaeltachta agus Ealaín na Gaeltachta. (Féach Aguisín viii).

Bhí trí ghné ag baint leis an gcomhrá:

- Todhchaí an oideachais in Iorras Aithneach a chíoradh agus a phlé i gcomhthéacs rannpháirtíocht na scoileanna i dtionscadal na Roinne Oideachais do Cnuasaigh Scoileanna Beaga;
- Breithniú a dhéanamh ar an an idirspleáchas cómhalartach maidir le inbhuanaitheacht idir scoileanna agus an pobal agus
- Measúnú a dhéanamh ar thionscadal píolótach de chuid an ECFE/OECD, atá maoinithe ag an Aontas Eorpach, faoi rannpháirtíocht phobail scoileanna áitiúla – idir dhaltaí, thuismitheoirí agus mhúinteoirí – i bhforbairt bheartais oideachais náisiúnta agus i gcothú a bpobal féin.

Bhí Cnuasach Scoileanna Iorras Aithneach, mar ósta don ócáid san Acadamh, Carna. Bhí Coláiste Ealaín na Boirne i mbun eascú le cabhair ón gComhairle Múinteoireachta agus beidh an measúnú á dhéanamh ag an Lárionad do Seirbhísí Éifeachtacha. Ina theannta sin, thug foireann Forbairt Chonamara Láir agus foireann Ghaeloideachas, tacaíocht mhór d'eagrú agus riaradh na hócáide. Ní bhaineann an tuarascáil seo le gné na meastóireachta.



*Idir óg is aosta i mbun comhrá*

## Cúlra

**Tionscadal na gCnuasach Scoileanna**: Is ceantar Gaeltachta é Iorras Aithneach suite seachtó seacht ciliméadar siar ó chathair na Gaillimhe i gConamara lár. (Féach an léarscáil in Aguisín IX.) Tá cúig scoil náisiúnta sa cheantar - i gCarna, Cill Chiaráin, Muighinis, An Aird Mhóir agus An Aird Thiar. Tá na scoileanna páirteach i dtionscadal nuálach de chuid na Roinne Oideachais a bhfuil sé mar aidhm aige scoileanna beaga a spreagadh chun braisliú i ngrúpaí áitiúla, ag cur ar a gcumas comhoibriú agus dúshláin chomónta a aithint agus triail a bhaint as réitigh nuálacha. Mar sin, ba dheis iontach é an ócáid seo chun comhrá a dhéanamh leis na pobail scoileanna in Iorras Aithneach chun a dtuairimí a aimsiú faoina dtaithí mar chuid den chnusasach scoileanna seo.

**Taighde an OECD**: Comhthreomhar le tionscadal na roinne tá scéim piolótach idir lámha ag an OECD, maoinithe ag an Aontas Eorpach, atá dírithe ar mheasúnú a dhéanamh ar mhúnla rannpháirtíochta phobail scoile i bforbairt bheartais scoile. Tá tíortha eile ag léiriú suime sa taighde seo, taighde atá ag déanamh staidéir ar chur chuige agus athróga rannpháirtíochta éagsúla – mar shampla, ócáidí fíorúla vs go pearsanta, ábhair réamhsocraithe vs ábhair roghnaithe ag an hpobal féin, agus ocáidí a reáchtáltar ar bhonn logánta vs náisiúnta.

D’eascair an taighde seo as tionscadal de chuid an Chomhairle Mhúinteoireachta dár teideal BEACONS a bhfuil sé mar aidhm aige deis a thabhairt do phobail scoile labhairt faoi na hábhair a bhfuil spéis acu iontu agus go gcloisfí a nguth nuair atá beartais oideachais á gcruthú. Ta an obair seo á éascú ag Coláiste Ealaíne na Boirne atá bainteach leis an tionscadal BEACONS agus táthar ag súil na tuairimí a thagann as na comhráite seo a chur faoi bhráid Thionól na Saoránach ar Thodhchaí an Oideachais atá geallta i gclár an rialtais agus a d’eascair as obair an choláiste roimhe seo.

Mar sin bhí an ócaid seo ag baint feidhme as taighde an OECD chun tabhairt faoi chomhráite le pobail scoileanna Iorras Aithnigh le fócas ar leith ar ról an phobail i gcothú inbhuanaitheachta na scoileanna agus na bpobal araon.

## *Achoimre Feidhmiúcháin*

Is é atá sa tuarascáil seo ná léiriú ar an méid a dúradh i rith na gcomhráite bríomhara a bhí ar siúl i rith an lae idir dhaltaí, mhúinteoirí, thuismitheoirí agus bhreathnadóirí. Sna haguisíní faightear taifead dílis ar na comhráite a spreag na ceisteanna éagsúla a bhí faoi chaibidil – ach amháin go bhfuil tuairimí eagraithe de réir téamaí chun an téacs a dhéanamh níos inléite.

San achoimre seo déantar cur síos ar na mórthéamaí a d'eascair as an gcomhrá:

- **Oidhreacht**: Saibhreas na hoidhreachta agus áilleacht na timpeallachta a bhaineann le Iorras Aithneach, áit Ghaeltachta ar leith nach mór a chaomhnú;

- **Oideachas**: Na féidearthachtaí cruthaitheacha a bhaineann leis an oideachas mar fhoinse féiniúlachta agus forbartha;

- **Daonra**: An tábhacht a bhaineann le dlús a chur faoi dhaonra na háite trí fhorbairt eacnamaíochta a chuireann an bhéim ar fhoinsí nádurtha na háite;

- **Infreastruchtúr**: Na heasnaimh bhonneagair – bóithre is eile - nach mór a leigheas;

- **Comhar**: Na deiseanna iontacha don oideachas agus don phobal araon gur féidir a aimsiú trí bhíthin comhar níos fearr idir na páirtithe leasmhara sa gceantar;

- **Cairdeas**: An tábhacht a bhaineann le cairdeas, spórt agus na healaíona – agus

- **Éist Linn**: 'Éist linn agus le hóige Iorras Aithnigh, tabhair aird ar riachtanais an cheantair agus tar anuas chugainn' – an téileamh ar an Aire.

## Timpeallacht

Cuireadh in iúl go bhfuil timpealleacht faoi leith in Iorras Aithneach – áilleacht na farraige, na gcnoc, na bportach agus an nadúr i gcoitinne. Tá flaithiúlacht ceantair, pobail agus cultúir mórthimpeall le tógáil air – cé go bhfuiltear i bfad ó chathair na Gaillimhe. Léiríodh feasacht láidir faoi shaibhreas na hoidhreachta nadúrtha agus daonna mar fhoinse folláine agus cothú.

## Cúrsaí Oideachais

- **Scoileanna beaga vs scoil mhór amháin**: Bhí tuairimí éagsúla agus suimiúla faoi chúrsaí scolaíochta le cloisteáil, agus comparáid á dhéanamh idir scoileanna beaga agus scoil mhór amháin. Bhí na daltaí ó roinnt scoileanna ag samhlú go mbeadh scoil mhór amháin sa gceantar faoi 2030 le buntáistí maidir le háiseanna, ábhair agus féidearthachtaí ag baint lena leithéid. Bhí daoine eile ag chur an bhéim ar na buntáistí a bhaineann le scoileanna beaga áitiúla, ina bhfuil aithne ag gach éinne ar a chéile, níos lú taistil i gceist agus níos mó sabháilteachta agus aitheantais don cheantar - ba chóir níos mó infheistíochta a dhéanamh i scoileannna Gaeltachta.

- **Neartú scoileanna DEIS/Tuaithe/Gaeltachta**: Tá nios mó tacaíochtaí foghlama/oideachais speisialta de dhíth i scoileanna DEIS tuaithe; níos mó múinteoirí ag teastáil chun an curaclam a chur i gcrích agus níos mó tacaíochtaí ó thaobh riachtanais oideachasúla go háirithe do theanga na Gaeilge. Ba chóir go mbeadh an cultúr áitiúil lárnach san oideachas; clubanna taobh amuigh den scoil - drámaíocht, imeachtaí ealaíne agus ealaíontóirí sa bpobal agus sa gceantar.

- **Féidearthachtaí oideachais**: Tá tábhacht ag baint leis na coláistí Gaeilge don cheantar m.s. na mná tí. Tá an tAcadamh mar áis-scolaíochta Gaeilge triú leibheál do chúrsaí agus d'fhoghlaimeoirí Gaeilge. D'fheadfaí cúrsaí muireolaíochta, feirmeoireachta, timpealleachta agus saotharlann tógála a reáchtáil. Bhí deiseanna do mhúinteoirí - agus tá gá le printíseachtaí.

- **Rudaí Eile**: (i) Tá seans líonraí cleachtais do mhúinteoirí a chruthú; (ii) Teastaíonn aitheantas do mhuinteoirí luathbhlianta ar chomhchéim le múinteoirí bunscoile agus meánscoile; (iii) Deireadh le h-obair bhaile vs níos mó obair bhaile! (iv) Tá tábhacht ag baint le cairdeas agus craic sa scoil.

## Daonra & Fostaíocht

- **Daonra**: Cuireadh béim ar an tábhacht a bhaineann leis an daonra a ardú agus pobal bríomhar a chothú. Is gá labhairt faoi dhaoine a choinneáil sa cheantar agus cur leis na daoine atá ag filleadh abhaile. Tá postanna, infreastruchtúr agus tithíocht ag teastáil.

- **Fostaíocht/postanna**: Tá deiseanna ann chun fostaíocht a chruthú bunaithe ar na rudaí atá mórthimpeall, foinsí nádurtha Iorras Aithnigh: (i) an **fharraige** – Páirc na Mara, níos mó feirmeacha éisc, iascaireacht, feirmeoireacht farraige; muireolaíocht; (ii) an **talmhaíocht** - feirmeoireacht agus margadh feirmeóirí idir bhainne, ghlasraí agus bhácáil baile; foraoiseacht – go leor talamh nach bhfuil in úsáid; (iii) an **turasóireacht** – Ionad na nImirceach, óstán eile, bialann agus caifé, áiseanna a chur ar fáil mar shiúlóidí, bealach glas, turais bád, turais busanna treoraithe faoin áit leis an músaem beag, turais oideachais, ionaid campála, campaí samhraidh, rásaí currachaí agus bád seoil agus linn snámha; (iv) an **teicneolaíocht** - gteiceanna agus leathanbhanda snáthoptaice ag gach teach; (v) an **t-oideachas** – féach cúrsaí oideachais thuas; (vi) cúrsaí **miondíola** agus seirbhísí – siopaí, cúrsaí sláinte, iompair (tacsaí), na meáin srl. Tá gá le níos mó tacaíochta ó eagraíochtaí Stáit.

### Infreastruchtúr

- **Iompar**: Cuireadh in iúl go bhfuil laigí maidir le cúrsaí iompair in áit atá seachtú seacht ciliméadar ó chathair na Gaillimhe – bóithre easnamhacha, ganntanas seirbhísí tacsaí agus busanna; cad faoi aerfort d'Iorras Aithneach.

- **Pleanáil & Tithíocht**: Tá gá le níos mó tithe agus leasú ar an gcóras pleanála chun deis a thabhairt go príomha do theaghlaigh óga.

- **Siopaí agus seirbhísí**: Luadh go minic an gá le hollmargadh agus éagsúlacht siopaí agus bia gasta. Ina theannta sin bhí easpa nó ganntanas i dtaobh bainc, fiaclóir, tréadlia, pictúirlann, leabharlann, gym ceart, oispidéal, linn snamha, lóistín, othar charr, stáisiún dóiteáin srl.

## An Oidhreacht/Cultúr/Teanga/Pobal

- **Féiniúlacht agus Mórtas Cine a mhúscailt**: Bhí bród le braith faoi láidreacht na teanga agus na hoidhreachta Gaelaí in Iorras Aithneach. Ag an am céanna bhí imní faoi shaibhreas na teanga a chailliúnt – 'meastú an mbeidh Gaeilge sa gceantar i gcionn 30 bliain? 'Tá tobar ársa, saibhir sa nGaeltacht agus caithfear infheistíocht cheart a dhéanamh inti sula gcaillfear í.' Is gá: an bhéim a chur ar fhéinúlacht, mórtas cine agus saibhreas na hoidhreachta; rannphairtíocht agus toil an phobail a mhúscailt; meas agus tuiscint a bheith ar phobal na Gaeilge.

- **An Teanga a Chaomhnú**: Is gá: luach a chur ar an teanga; an teanga a dhéanamh spéisiúil; polasaí Gaeilge áitiúil a chruthú; rannóg stáit dá chuid féin a bheith ag an nGaeltacht agus aire Gaeltachta sinsearach; scéim labhairt na Gaeilge a thabhairt ar ais; áiseanna agus seirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil don cheantar agus cur chuige comhtháite a bheith ag an stát. Is ceantar eisceachtúil é Iorras Aithneach a theastaíonn a chosaint. 'Tá polaiteoirí láidre san áit – bíonn siad ag obair ar son an cheantair'.

- **Pobal a Chothú**: 'Ta pobail láidre cáirdiúla in Iorras Aithneach a thagann le chéile ag imeachtaí áitiúla ar nós Lá Naomh Ciaráin.' Tá gá le feiseanna, féilte, seirbhísí trí Ghaeilge, club feighlí linbh, céilithe agus seisiúin cheoil, damhsa sean-nós agus seanchas an cheantair, chun muintir na háite a thabhairt le chéile agus infreastruchtúr sóisialta a chruthú le cur leis an méid atá ann cheanna féin. Bíodh Oireachtas na Gaeilge sa Ghaeltacht. Ba chóir go mbeadh spreagadh agus seirbhísí tacaíochta maoinithe curtha ar fáil do theaghlaigh nua.

- **Tacú le Teaghlaigh Óga**: Tugadh suntas do riachtanais theaghlaigh ógá atá ag tógáil leanaí le Gaeilge – an gá le soláthar naíonraí/réamhscolaíochta; greasáin sheirbhísí leanaí; buntáistí ó thaobh cead pleanála agus teanga, liúntas cánach don teaghlach atá ag tógáil a gclann le Gaeilge; ranganna suathaireachta (baby sensory) a chur ar fáil i nGaeilge; grúpaí tuismitheoirí agus leanaí; cúntóirí teanga do theaghlaigh má theastaíonn sé srl.

## Ní neart go cur le chéile

- **Teacht le chéile na Scoileanna:** Léiríodh an-spéis sna féidearthachtaí a bhaineann le comhar breise idir na scoileanna – cosúil leis an ócáid seo - chun plean feabhsúcháin a neartú agus chun deiseanna foghlama agus imeachtaí cultúrtha agus spóirt a reáchtáil le chéile. Thabharfadh sé deis do na páistí aithne a chur ar a chéile, caidreamh agus tuiscint a chothú agus an todhchaí a phlé. Bheadh guth níos láidre ag an gceantar agus an óige dá réir.
- **Cruinnithe le fócas ar leith:** Tá deis ann comhoibriú a eagrú le fócas ar leith ar an saibhriú teanga, laethanta spóirt, cúrsaí ealaíne agus cultúir. Tá deis líonra cleachtais a eagrú do mhúinteoirí, áiseanna a roinnt agus pleanáil le chéile.
- **Misneach Pobail:** Cruthóidh comhar idir scoileanna agus an pobal nasc idir na glúnta, cruthóidh sé misneach pobail, láidreofaí an cultúr áitiúil san oideachas agus rachadh sé chun tairbhe an oideachais agus an phobail araon. Chuirfeadh sé go mór leis an spraoi agus an chraic. Tá deis eolas faoi na tacaíochtaí éagsúla atá ar fáil a roinnt lena chéile.

## Cairdeas, Ealaín agus Spórt

Imeasc na dtéamaí eile a tháinig chun cinn go rialta sa gcomhrá bhí:

- **Cairdeas:** Ón tús chuir na daltaí an-bhéim ar spraoi, cineáltas, cairdeas, craic, dearfacht, níos mó clubanna – agus samhlaíodh go dtiocfadh níos mó de na tréithe seo as tuilleadh teacht le chéile idir na scoileanna.

- **Spórt**: Is léir go bhfuil cultúr 'amuigh faoin spéir' go láidir imeasc dhaltaí Iorras Aithnigh. In éindí leis na háiseanna don pheil, don lúthchleasaíocht, don aclaíocht, don snámh (sa bhfarraige), iomramh, seoltóireacht, rothaíocht is araile bhí éileamh ar linn snámha, club sacair, gailf, marcaíocht capaill, rugbaí, surfáil, camógaíocht agus go leor eile!

- **Tábhacht na hEalaíne**: Bhí éileamh ar níos mo béime a chur ar ar ealaín sa scoil agus taobh amuigh den scoil.

## Teachtaireachtaí chuig an Aire/Córas

I measc na bpríomhtheachtaireachtaí don Aire bhí:

- **Éist lenár nGuth**: Éist le guth na n-óg agus le guth na Gaeltachta!
- **Cosain ár nOidhreacht**: Tá tobar ársa saibhir sa Ghaeltacht agus teastaíonn infheistíocht cheart chuige seo sula gcailltear é.
- **Oideachas – cuir luach ar a bhfuil tábhachtach**: Cosain scoileanna beaga; tabhair aitheantas do mhúinteoirí luathbhlianta; faigh réidh leis an obair bhaile.
- **Folláine/spraoi**: Bí feasach faoin tábhacht a bhaineann le spraoi, spórt agus na healaíona do dhaoine óga agus faoin ngá atá le spraoi agus spleodar sa ghnáthshaol.

## *Na hAguisíní – Taifead na Comhráite*



*Ag ghrían ag taitneamh ar an Acadamh don ócáid*

Ins na hAguisíní seo leanas tá taifead ar an méid a scríobhadh agus a dúradh i rith na gcomhráite faoi na hábhair seo a leanas:


| | **Aguisín** |
|---|---|
| Na Focail ar mhaith leat a bheith sa chomhrá | I |
| Iorras Aithneach – cad ba chóir a thuiscint faoi? | II |
| Fís 2030 – cá bhfuil na síolta le feiceáil? | III |
| Plé oscailte – téamaí éagsúla roghnaithe ag na rannpháirtithe | IV |
| Na rudaí atá ag teacht chun solais (tar éis am lóin) | V |
| Na chéad chéimeanna eile | VI |
| Na féidearthachtaí le tuilleadh comhair + teachtaireachtaí don aire | VII |
| Rannpháirtithe | VIII |
| Léarscáil Iorras Aithnigh | IX |

# *Focal ar mhaith leat a bheith sa gComhrá*

I dtús báire tugadh cuireadh do chách focal amháin a roghnú gur mhaith leis/léi a bheith sa gcomhrá. Is iad na rudaí a bhíothas ag súil leo ná go mbeadh díospóireacht bhríomhar dhearfach faoin gceantar, an pobal, an oidhreacht/cultúr, an réamhscolaíocht agus an timpeallacht:

- **Díospóireacht/Cumarsáid/An Óige**: díospóireacht (x11); comhrá (x5); machnamh; plé; smaointe na scoláirí/daltaí a chloisteáil; tuairimí na scoláirí; cumarsáid; aithne a fháil ar dhaoine; caint agus smaointe (x4); cairde a dhéanamh (x3).
- **Ceantar/Pobail/Comhoibriú**: labhairt faoin gceantar; an ceantar; labhairt faoi Iorras Aithneach; cumarsáid faoin gceantar; pobal bríomhar (x2); daonra; comhoibriú; comhoibriú – eagraíochtaí.
- **Gaeilge/Cultúr/Oidhreacht**: Gaeilge (x 5); (Gaeltacht); cluichí Gaeilge; cultúr; ealaín (X2); stair (x2); caomhnú;.
- **Craic & Cineáltas**: spraoi; cineáltas; cairdeas; craic; cairdeas agus craic; dearfacht faoin todhchaí; tacaíocht.
- **Naíonraí**: naíonraí (x2); réamhscolaíocht faoin mBord Oideachais (x2); iar-scoil.
- **Amuigh faoin spéir**: ainmhí; an fharraige; spórt; peil;
- **Rudaí Eile:** polaiteoirí; múinteoir; siopa Dowd.



# AGUISÍN II

## Iorras Aithneach a Thuiscint




Bhí sé tábhachtach sa chur chuige go gcuirfí an bhéim ar éisteacht le guth Iorras Aithnigh. Mar sin tugadh cuireadh do na rannpháirtithe diriú isteach ar ghnéithe sainiúla den oideachas agus de shaol an cheantair. Cuireadh in iúil go bhfuil timpeallacht ar leith in Iorras Aithneach – áilleacht na farraige, na gcnoc, na bportach agus an nadúr i gcoitinne – agus áiseanna spóirt dá réir. Ba léir go raibh pobal láidir le hoidhreacht shaibhir in Iorras Aithneach. Cé go bhfuil gnóanna ann agus postanna ar fáil bhí dúshláin chomh maith – tuilleadh postanna, seirbhísí, siopaí agus infreastruchtúr ag teastáil.

---

### *Cad ba mhaith leat go dtuigfeadh daoine eile faoi do thaithí ar Oideachas mar chuid de phobal Iorras Aithnigh?*

- **Timpeallacht ar Leith**: Áilleacht an cheantair; ciúin agus sábháilte; gar don fharraige; níl móran trácht ar an mbóthar; ceantar folláin; na tránna (x4); radharcanna (x4) – an fharraige (x4), na cnoic (x2); Cnoc Mordáin; ceantar glan; ceantar mór álainn sláintiúil; nadúr; sábháilte; ainmhí; portaigh (x2); bealach glas; cúrsaí dúlra – eiceolaíochta; bus go Gaillimh.
- **Gaeltacht/Cultúr saibhir:** Tá an **Ghaeilge** an-láidir sa gceantar**;** ceantar láidir Gaeltachta; Gaeilge (x2); scoil Ghaeltachta; pleanáil teanga Chonamara Láir**;** Gaeilge sa scoil; stair na háite; cuimhneacháin; **cultúr saibhir** – ceol + damhsa sa cheantar; cultúr na háite/ceoltóirí freisin; damhsa sean-nós; seanchas an cheantair; ceol (x4); cultúr (x3); féilte; na hamhráin; amhránaíocht ar an sean-nós; ealaín (x3); rang ealaíona; damhsa (x2); scéalaíocht; béaloideas; amhránaíocht ar an seannós; cailín Gaelach; Féile Mhic Dara; Lá Mhic Dara, oidhreacht Naomh Mac Dara; tradisiúin láidre sean-nóis, amhránaíocht go háirithe seanchas, cúrsaí ealaíona, féilte (x3); craic; daoine; comharsan/**pobail láidir; pobal cairdiúil** a thagann le chéile ag imeachtaí áitiúla ar nós Lá Naomh Ciarán; pobal Iorras Aithnigh; pobal, tacaíocht, ar scáth a


chéile; go leor daoine tagtha abhaile; tá polaiteoirí láidre san áit – bíonn said ag obair ar son an cheantair; seipéal.






*Ealaíontóirí ar an sean-nós de bhunadh Iorras Aithnigh – Portráidí san Acadamh*

- **Oideachas**: scoileanna beaga (x2) aithne ar gach duine; an t-acadamh (x2); coláistí Gaeilge; cúrsaí muireolaíochta; Áras Shorcha Ní Ghuairim; naíonra; luathbhlianta; oideachas, scoláirí.
- **Spórt & Caitheamh Aimsire**: club lúthchleasaíochta; Cumann Lúthchleas Gael – Carna/Caiseal (x2); peil (x3); imeachtaí; club óige (X3); aclaíocht; cúrsaí mara – traidisiún seoltóireachta; rásaí currachaí; ag iomramh; rásaí bád; club na mara; caitheamh aimsire – snámh, seoltóireacht (x2), rothaíocht, siúlóid, iascaireacht (x2); spórt - peil ghaelach, luthchleasaíocht, cispheil (x2), west-coast bikes (x2); club cispheile; traenáil peile agus spóirt an-láidir anseo agus déanaimid go leor cairde; tá páirc spraoi maith againn, glan agus sábháilte; páirc spraoi; club óige.
- **Gnóanna/Postanna**: tá go leor gnóanna anseo – feamainn (x2), iasc, siopaí; monarchain feamainne (x2) feirmeoireacht éisc (x3); iascaireacht (x3); gnó mara; an fharraige agus muireolaíocht; feirmeoireacht beithíoch agus caoire (3); turasóireacht láidir anseo (x3); óstán; Ionad na nImirceach; Gteic (x4); teach altrannais – cúrsaí sláinte (x2) ollscoil; múinteoirí; mná tí Chonamara; cúrsaí na meán (x2); siopaí áitiúla - Gala; eco-clean (2), Tí Chadhain, Teach Ghlinsce, Tí Mheaic, Tí Chadhain; oifig an phoist; dochtúir.
- **Dúshláin/Rudaí ag teastáil**: níos mó postanna; fiaclóir (x2); tréidlia; seirbhísí tacsaí mar nach bhfuil carrana ag go leor daoine san áit; na bóithre a dheisiú; tuilleadh cosáin ar na bóithre; bóithre – i bhfad ó Ghaillimh; ollmhargadh (x3); siopa éadaí;/spóirt; banc (2); caifé; bialann; tuilleadh tithe agus eastáit tithe do chuile duine; club sacair (x2); club leadóige; club iománaíochta; marcaíocht capall; níos mó imeachtaí áitiúla – níos mó imeachtaí do ghasúir, níos mó rasaí currachaí agus bád seoil, tuilleadh ranganna damhsa Gaelach agus sean-nóis; Corn uí Riada.


## *Iorras Aithneach a Thuiscint*





— Pobal, tacaíocht, ar Scáth a Chéile . . .
— Traidisiún Láidir Sean-nós, amhránaíocht go háirithe
Seanachas. – Cúrsaí ealaíona - feilte
— Cúrsaí Mara - traidisiún Seoltóireachta.
— Cúrsaí Dúlra - éiceolaíochta.
— Luath bhlianta
— Lá Mhic Dara, Oidhreacht Naomh Mac Dara
— Áilleacht an Cheantair.
- Ionad na nImirceach
— Oideachas, Scoláirí
Cúrsaí na Meán
Teach Altranais, Cúrsaí Sláinte
~~Na bhuntáiste~~
Dúshlán, bóithre, : bhfad ó Ghaillimh


## Augisín III


### *Iorras Aithneach 2030 – Síolta an Todhchaí*


Ag aistriú an fócas ón am i láthair go dtí an todhchaí, tugadh cuireadh 'Iorras Aithneach faoi bhláth' a shamhlú i 2030 agus síolta an todhchaí sin a thabhairt faoi deara. Tugadh suntas ar dtús don daonra – daoine ag fanacht sa bhaile agus daoine eile ag filleadh. Bheadh postanna á gcruthú bunaithe ar na foinsí timpeallachta, seirbhísí agus teicneolaíochta. Luadh imní faoi mharthanais na teanga agus an an gá feidhmiú ar son na hoidhreachta. B'fhacthas do a lán go mbeadh scoil mhór amháin sa cheantar:


- **Daonra**: daonra; níos mó daoine a bheith ina gconaí anseo; níos mó gasúir a bheith sa gceantar; fanacht sa gceantar; daoine ag teacht ar ais; níos mó daoine ag filleadh abhaile; clann.
- **An Geilleagar & Infreastruchtúr Áitiúil**: postanna nua; postanna; jabanna; níos mó postanna sa gceantar; fiontraithe óga; mionchomhlachtaí; comhlachtaí nua; Páirc na Mara (x2) - iascairí/feamainn; níos mó feirmeacha éisc (x2); ag feirmeoireacht (x2); ag iascaireacht; feamainn; Arramara Teo; turasóireacht; gteic; obair ón mbaile; 'comhlacht díoltóireachta tarracóirí' (Dietz), 'quads' agus leantóirí (Hitachi agus Scania); múinteoireacht; na bóithre a bheith níos fearr.
- **Bonneagar miondíolaíochta**: tithe tabhairne (Tí Mheaic, Mhoráin, Leavy); Lily's Eco-clean; scannáin; níos mó siopaí áitiúla (x3); ollmargadh (x3) – siopa eadaí, spóirt, breagáin tarracóir, DIY, milseán, peataí agus teic; siopaí leictreonacha; arcade; ionad siopadóireachta (2); Supermacs; 'bia gasta' ar 'bhealach gasta'; McDonalds; margadh; cócaireacht.
- **Oideachas**: scoil mhór – beidh halla mór + páirc sacair; scoileanna móra; scoil mhór; ní bheidh ach scoil amháin mór sa cheantar; club obair bhaile; cúrsaí muireolaíochta; saotharlann tógálaí.
- **Infreastruchtúr/Seirbhísí**: aerfort Iorras Aithnigh (2); banc (3); fiaclóir (x2); tréidlia (2); níos mó áiseanna ar fáil; óstán; pictúrlann (x5); oifig eolais; níos mó bialanna; caifé; leabharlann; oispidéal (x2); cumhra.
- **Cultúr**: Oireachtas na Gaeilge sa Ghaeltacht; meon na ndaoine óga; cultúr; Gaeilge; meastú an mbeidh Gaeilge sa gceantar i gcionn 30 bliain? an Ghaeilge a choinneáil; na traidisiúin a choinneáil; músaem beag le cultúr; béaloideas; ranganna ceoil agus damhsa; dramaíocht + agallamh beirte; féilte agus stair; go leor cácaí.
- **Soláthair Spóirt**: beidh páirc nua i gCarna agus gym (x2); ionad spóirt; comórtas peile na Gaeltachta; club sacair, rugbaí, cispheil; club spóirt; cúrsa gailf – 18 poll (x2); go leor báid seoil; sportlann; páirc scátála; rásaí capaill; linn snámha poiblí (x5); campa uisce; spóirt + spóirt uisce; club mara; gymnastics; zip lines/obstacle course; monkey business; iománaíocht; seoltóireacht; funfair; campanna.
- **Idir Síolta agus Dúshláin**: **Sócmhainní**: In aice leis an bfarragie; ciúin; sabháilte; Gaeilge; peil; siopaí áitiula; caitheamh aimsire; Cumann Lúthchleas Gael Charna-Caiseal; ainmhithe mara; **Dúshláin**: cúrsaí pleanála; cúrsaí taistil/na bóithre; saol sóisialta; easpa imeachtaí; cúrsaí peile/spóirt; idirlín; scoileanna beaga; Gaeilge.

## *Iorras Aithneach 2030 – Síolta an Todhchaí*















# *Iorras Aithneach 2030 – Síolta an Todhchaí*



## Aguisín IV

### *'Spás Oscailte': Na hábhair is tábhachtaí le labhairt futhú maidir le todhchaí bríomhar a shamhlú dár scoileanna agus pobail scoile*

Mar fhreagra ar chuireadh na hocht n-ábhar is tabhachtaí do thodhchaí scoileanna agus pobal Iorras Aithnigh a ainmniú, socraíodh comhrá a dhéanamh faoi na téamaí seo a leanas: (1) An daonra a ardú; (2) Scoil mór vs scoileanna beaga a choinneáil oscailte; (3) Turasóireacht; (4) Feirmeoireacht; (5) Fostaíocht; (6) Teaghlaigh óga; (7) An Ghaeilge a choinneáil saibhir; (8) Spóirt. **Nóta**: Níl aon eagarthóireacht déanta ar na téamaí thíos.


Tá sé tábhachtach an eacnamaíocht a chuir chun tosaigh chun bunsraith a chur faoin daonra – ag tógáil ar na hachmhainní logánta mar an fharraige, an turasóireacht, an fheirmeoireacht, an cultúr agus na féidearthachtaí a bhaineann le cian-obair. Is gá tacaíochtaí ar leith a chur ar fáil do theaghlaigh ag tógáil leanaí (le Gaeilge) agus díriú ar chaomhnú agus chothú saibhreas na teanga. Luadh tábhacht na tithíochta agus cead pleanála don phobal áitiúil.


Maidir leis na scoileanna bhí measúnú agus comparáid á dheanamh idir scoileanna beaga agus scoil mhór amháin – roinnt daltaí ag samhlú go raibh buntaistí maidir le háiseanna agus féidearthachtaí ag baint le scoil mhór amháin agus daoine eile ag cur an bhéim ar na buntáistí a bhaineann le scoileanna beaga áitiúla ina bhuil aithne ag gach éinne ar a chéile. Bhí suim an óige i gcúrsaí spóirt agus in áiseanna spóirt le feiceáil go láidir sa gcomhrá:


- **Daonra a Ardú**: Idirlíon maith; bialann + caifé; níos mó tithe; bóithre níos fearr; margaíocht le TG4 agus na meáin shóisialta; leabharlann, pictiúrlann agus gym ceart; linn snámha ar oscailt; an áit a choinneáil glan; imeachtaí théis scoile; campaí samhradh; ranga Gaeilge + ranganna ceoil; scoileanna agus naíonraí maithe anseo; níos mó busanna; postanna nua; tréidlia.
